

Mómótaró

Seanscéal ón tSeapáin



Leathanach bán

Mómótaró

Seanscéal ón tSeapáin

Na céadta bliain ó shin, bhí seanchoilteoir ina chónaí sa tSeapáin, é féin agus a bhean. Bhí siad gach lá faoi ghruaim cionn is nach raibh páiste ar bith acu. Lá amháin, chuaigh an seanfhear amach sa chnoc a chruinniú broсна, agus chuaigh an tseanbhean síos cois na habhann le ciseán níocháin.

Fad is a bhí an tseanbhean ag ní cimeonó buí, chonaic sí rud éigin ar snámh ar an uisce. Shnámh an rud ní ba chongaraí di, agus tháinig sé díreach isteach ina lámha. Péitseog bhreá a bhí ann. “A leithéid d’áit le péitseog a fháil!” arsa an tseanbhean léi féin.

Nuair a bhí a cuid níocháin déanta aici, chuir an tseanbhean na héadaí glana sa chiseán, agus ansin chuir sí an phéitseog ar bharr na n-éadaí. D’iompair sí an ciseán go cúramach chun an bhaile.

Nuair a tháinig an seanfhear chun an bhaile, labhair a bhean leis.

“Amharc an phéitseog bhreá a fuair mé san abhainn,” ar sise.

“A leithéid d’áit le péitseog a fháil!” arsa an seanfhear.

Ach, fad is a bhí siad ag amharc uirthi, scoilt an phéitseog ina dhá leath. Cad é a bhí taobh istigh di ach leanbh beag beo. Gasúr beag! Bhí áthas an domhain ar an tseanfhear agus ar an tseanbhean.

“Sa deireadh thiar,” ar sise, “tá leanbh dár gcuid féin againn! Tógfaidh muid é mar a bheadh mac dár gcuid féin ann.”

“Tabharfaidh muid Mómótaró mar ainm ar an leanbh,” arsa an seanfhear. “Mómótaró an focal Seapáinise ar mhac na péitseoge.”

D’fhás Mómótaró aníos, agus d’éirigh sé ard, láidir, cróga. Shíl an seanfhear agus an tseanbhean gurbh é an gasúr ab iontaí ar domhan é.

Anois, bhí drong maistíní ina gcónaí ar oileán san abhainn in aice leis an tsráidbhaile ina raibh Mómótaró ina chónaí. San oíche, ba ghnách leis na maistíní teacht isteach go fáilí sna sráidbhailte, agus eallach agus seoda agus gach cineál taisce a ghoid. Bhí eagla ar gach duine roimh na maistíní.

Lá amháin, labhair Mómótaró leis an tseanphéire.

“Anois,” ar seisean, “Tá mise mór láidir agus rachaidh mé a chuardach oileán na maistíní. Cuirfidh mé comhrac ar na maistíní agus tógfaidh mé liom a dtaisce óir.”

Bhí an seanphéire an-bhródúil as Mómótaró. Shíl siad gurbh é an gasúr ba chróga sa domhan mór é.

“Gabh,” arsa an tseanbhean, “más éigean duit dul, ach ar dtús, déanfaidh mé dornán maróga mine duit faoi choinne an turais.”

Mheil an seanfhear an mhin agus rinne an tseanbhean na maróga. Rinne sí trí mharóg do Mhómótaró. Thóg Mómótaró na trí mharóg agus chuir go cúramach ina mhála iad. D’fhág sé slán ag an tseanmhuintir, agus thosaigh sé amach ar a thuras go dtí oileán na maistíní. Ar an bhealach, casadh air an moncaí ba chliste ar domhan.

“Cá bhfuil tú ag dul?” a d’fhiafraigh an moncaí de.

“Tá mé ag dul go dtí oileán na maistíní go dtógfaidh mé liom a dtaisce óir,” arsa Mómótaró.

“Beidh mé leat,” arsa an moncaí, “má thugann tú dom maróg.” Agus thug Mómótaró maróg don mhoncaí.

I gceann tamaill, casadh orthu an piásún ba láidre ar domhan.

“Cá bhfuil sibh ag dul?” arsa an piásún.

“Ag dul go dtí oileán na maistíní go dtógfaidh muid linn a dtaisce óir,” arsa Mómótaró.

“Rachaidh mise libh,” arsa an piásún, “má thugann sibh

Mómótaró
Seanscéal ón tSeapáin



dom maróg.”

Agus thug Mómótaró an dara maróg don phiasún.

I gceann tamaill, casadh orthu an madadh ab fhíochmhaire ar domhan.

“Cá bhfuil sibh ag dul?” arsa an madadh de ghlam.

“Tá muid ag dul go dtí oileán na maistíní go dtógfaidh muid linn a dtaisce óir,” arsa Mómótaró.

“Rachaidh mé libh,” arsa an madadh, “má thugann sibh dom maróg.”

Agus thug Mómótaró an tríú maróg don mhadadh.

Agus d’imigh Mómótaró agus an moncaí ba chliste, agus an piasún ba láidre, agus an madadh ab fhíochmhaire le chéile a chuardach oileán na maistíní. Sa deireadh, tháinig siad go dtí an abhainn, agus ansin i lár na habhann, bhí oileán na maistíní.

“Cad é mar thrasnóidh muid an t-uisce?” arsa Mómótaró.

“Is furasta é sin,” arsa an piasún ba láidre ar domhan.

“Suigh thusa ar mo dhroim agus rachaidh mé a eitilt thar an uisce.”

“Is furasta é sin,” arsa an madadh ab fhíochmhaire ar domhan. “Suífidh Moncaí ar mo dhroim agus rachaidh mé a shnámh thar an uisce.”

D’eitil an piasún ba láidre thar an uisce agus Mómótaró

ar a dhroim, agus shnámh an madadh ab fhíochmhaire thar an uisce agus an moncaí ba chliste ar a dhroim. Nuair a tháinig siad i dtír ar an oileán, chonaic siad caisleán mór millteanach.

“Is le rí na maistíní an caisleán,” arsa an moncaí ba chliste.

“Cad é mar a rachaidh muid isteach ann?” arsa Mómótaró.

“Is furasta é sin,” arsa an moncaí ba chliste. Dhreap sé thar an bhalla, agus scaoil sé glas an gheata. Rith Mómótaró agus an madadh ab fhíochmhaire isteach ar an gheata, agus d’éitil an piasún ba láidre thar an bhalla. Bhí na maistíní uilig istigh sa chaisleán. Chaith an moncaí ba chliste na maistíní ar an urlár agus tharraing sé a gcuid gruaige. Bhain an madadh ab fhíochmhaire plaic as a murnán, agus phioc an piasún ba láidre a gcuid srón. Theith na maistíní agus eagla a gcaicinn orthu, ach tháinig rí na maistíní amach as a chaisleán agus d’umhlaigh sé do Mhómótaró.

“A Mhómótaró,” ar seisean, “má ligeann tú ár mbeo linn, tabharfaidh muid duit ár dtaisece óir, agus geallfaidh muid duit gan do mhuintir a chrá níos mó.”

Thug na maistíní mála óir agus mála airgid do

Mómótaró
Seanscéal ón tSeapáin

Mhómótaró, agus cairt lán de smaragaidí agus de choiréal agus d'ómra. Thug Mómótaró agus na hainmhithe an taisce ar ais chuig muintir an tsráidbhaile. An seanfhear agus an tseanbhean agus muintir uilig an bhaile, dúirt siad, "Is é Mómótaró an gasúr is cróga ar domhan." Arsa Mómótaró, "Seo an moncaí is cliste ar domhan, an piasún ba láidre ar domhan agus an madadh is fíochmhaire ar domhan. Gan a gcuidiú siúd, ní thiocfadh liomsa an taisce a thabhairt slán chun an bhaile liom."

Leathanach bán

